Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

Cás M.10979 - PROVIDENCE EQUITY PARTNERS / ROTHSCHILD & CO / A2MAC1

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 464/12)

1. An 29 Samhain 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Providence Equity Partners, LLC ("Providence", na Stáit Aontaithe Mheiriceá),

— Rothschild & Co ("Rothschild", an Fhrainc),

— Financière Hary SAS (mar aon lena fhochuideachtaí, "A2Mac1", an Fhrainc), atá faoi rialú Rothschild faoi láthair trí chistí Five Arrows Principal Investments ("Five Arrows", an Fhrainc).

Gheobhaidh Rothschild agus Providence rialú comhpháirteach ar A2Mac1, de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is gnólacht cothromais phríobháidigh é Providence a dhéanann speisialú i infheistiú sna meáin, i gcúrsaí cumarsáide, san oideachas, i mbogearraí agus i seirbhísí faisnéise tionscail ar fud Mheiriceá Thuaidh agus san Eoraip,

— Is cuideachta bainc infheistíochta agus seirbhísí airgeadais é Rothschild a thairgeann seirbhísí i réimsí an chomhairligh airgeadais, na baincéireachta príobháidí agus na bainistíochta sócmhainní, agus i réimse an chothromais phríobháidigh agus an fhiachais phríobháidigh. Is gnólacht cothromais phríobháidigh chorparáideach Eorpach de chuid Rothschild é Five Arrows,

— Is cuideachta bunachar sonraí B2B é A2Mac1 a sholáthraíonn seirbhísí innealtóireachta agus tagarmharcála teicniúla, don tionscal mótarfheithiclí den chuid is mó.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10979 - PROVIDENCE EQUITY PARTNERS / ROTHSCHILD & CO / A2MAC1

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË